
CEACHT 27

# CUAIRT AR THEACH AN tSEANATHAR




**Pictiúr: Radharc:**

(a) Teach an tseanathar, Daidí, Páid agus Nóirín taobh amuigh den teach, an seanathair ina sheasamh lasmuigh; (b) le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann: Mamaí, Bríd agus Uncail Liam san ospidéal, seanmháthair, sicíní, taephota, comhartha ceiste; (c) an seanathair agus na páistí lasmuigh agus iad ag féachaint ar na hainmhithe agus ar na héin (bó, capall, lao, muc, banbh, caora, uan, coileach, cearca).

Céim 4: aerfort (Ceacht 28), séipéal (Ceacht 18), oifig an phoist (Ceacht 22), sorcas (Ceacht 14), fiaclóir.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

## CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

**Cuntas Reatha**

An Domhnach a bhí ann. Chuaigh Daidí, Páid agus Nóirín go dtí teach a seanathar. Bhí an seanathair ag fanacht leo.

**Agallamh**

| | |
|---|---|
| SEANATHAIR: | Fáilte. Cá bhfuil Mamaí agus Bríd? |
| DAIDÍ: | Chuaigh siad go dtí an t-ospidéal. Tá Uncail Liam tinn. |
| NÓIRÍN: | An bhfuil mo sheanmháthair istigh? Tá bronntanas agam di. |
| SEANATHAIR: | Rachaimid isteach, mar sin. |
| PÁID: | Ba mhaith liom na sicíní a fheiceáil. |
| SEANATHAIR: | Rachaimid amach tar éis an tae. |

**Cuntas Reatha**

D'ól siad an tae. Amach leo ansin chun na hainmhithe a fheiceáil.

## CÉIM 2. AITHRIS

## CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

**(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);**

**(b) Spreagthaigh chluas:**

Cén lá a bhí ann?
Cá ndeachaigh Daidí agus na leanaí?
Cé a bhí ag fanacht leo?

Cuir fáilte rompu, a "sheanathair", agus cuir ceist orthu faoi Mhamaí agus Bhríd.
Cá ndeachaigh siad, a "Dhaidí"?
Cén fáth a ndeachaigh siad, ansin?
Ceist agat, a "Nóirín", faoi do sheanmháthair.
Tá rud éigin agat di?
Céard a dhéanfaidh sibh, a "sheanathair"?
Ba mhaith leat rud éigin a fheiceáil, a "Pháid?"

Céard a dhéanfaidh sibh mar sin, a "sheanathair?"

Céard a rinne siad ansin?
Agus tar éis sin?

## CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Bhí an *seanathair* ag fanacht leo.
   (*seanmháthair, aintín, uncail, deartháir, deirfiúr*).
2. Chuaigh siad go dtí *an t-ospidéal.*
   (*aerfort, séipéal, scoil, oifig an phoist, sorcas, dochtúir, fiaclóir*).
3. *D'ól* siad an tae.
   (*anois, gach lá, amárach;* ar?: níor: *inné;* an?: *amárach*).
4. Tá bronntanas agam *di.*
   (*mise, tusa, eisean, sibh, iadsan, Máire*).

## CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma beag:
   Cuairt ar Uncail Liam san ospidéal.
3. Scéal a chumadh:
   "*Chuaigh mé ar cuairt go teach m'uncail. Bhí bronntanas agam dó. Chuaigh mé amach chun na . . .*"
   Ceisteanna ó pháistí eile ar an scéal.
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.
5. Fríos a dhéanamh .i.:
   an fheirm, na hainmhithe, an t-innealra, etc.

**Rann Ceoil** (An ceol ar théip)

*Curfá*
Tá feirm mhór amuigh faoin tuath
'Na gcónaíonn mo sheanathair,
Éiríonn sé gach lá go luath
Le huisce 'fháil is le ba a chrú.

I

Tá capall agus searrach aige
Né . . . Né . . .
Tá tarbh is bó is lao aige
Mú . . . Mú . . .

*Curfá*

II

Tá caora agus uan aige
Ma-a . . . Ma-a . . .
Tá reithe mór an-chrosta ann
Ma-a . . . Ma-a . . .

*Curfá*

III

Tá cearca is sicíní ann
Cluck, cluck, cluck, píp, píp, píp,
Tá gé mhór is goislíní ann
S s s . . . S s s . . .

*Curfá*